Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 19 Samhain 2018
(OR. en)

13914/1/18
REV 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2014/0255(COD)

CODEC 1896
AGRILEG 187
VETER 77
PHARM 52
MI 796

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hábhar beathúcháin íocleasaithe a mhonarú, a chur ar an margadh agus a úsáid, lena leasaítear Treoir (CE) Uimh. 183/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/176/CEE ón gComhairle **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 15 Meán Fómhair 2014, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 43(2) agus ar Airteagal 168(4), pointe (b), CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 25 Deireadh Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 21 Eanáir 2015[3].

[1] 13196/14.
[2] 13329/18.
[3] IO C 242, 23.7.2015, lch. 54.

4. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 43/18 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;

- a chinneadh go ndéanfar an ráiteas atá san aguisín, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.